# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400
DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go 11.30

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA LEABHAR FREAGRAÍ SEO.

3. NÍ MÓR DUIT NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

**Don fheitheoir amháin**

Stampa an Ionaid

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Olliomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Tá 5 mharc ar gach ceist)**

**1.** Bhain na chéad Chríostaithe úsáid as an teideal Mac Dé agus iad ag tagairt do –

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Shéamus ☐ Íosa ☐ Eoin ☐ Iósaf ☐

**2.** Nuair a dhéanann duine adhradh, taispeánann sé easpa creidimh reiligiúnaigh.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Léigh an liosta de fhéilte reiligiúnacha agus reiligiúin dhomhanda anseo thíos. Tá féile reiligiúnach amháin meaitseáilte leis an reiligiún cuí, mar shampla duit. Déan meaitseáil amháin eile.

| Féilte Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|
| An Nollaig<br>Eid-ul Adha<br>Holi<br>Rosh Hashanah<br>Lá Sangha | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla:** | An Nollaig | An Chríostaíocht |
| **Freagra:** | | |

**4.** Baisteadh Íosa san abhainn seo - (Cuir tic✓ sa bhosca cuí)

An Gainges ☐ An Iordáin ☐ An Níl ☐ An Tíber ☐

**5.** Cé acu reiligiún domhanda a luaitear an teideal Imam leis mar cheannaire?

________________________________________

**6.** Feictear caoinfhulaingt idir phobail chreidimh nuair a bhíonn daoine sásta meas a thaispeáint do chreidimh agus do thuairimí éagsúla reiligiúnacha. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Foinse stairiúil fianaise ar shaol Íosa is ea – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Iacób ☐ Iób ☐ Iosephus ☐ Iósua ☐

**8.** Cé acu sainaicme creidimh Chríostaí a luaitear an tArdeaspag Seán Brady leis mar cheannaire?

________________________________________

**9.** Ba bhéile é an Suipéar Déanach a raibh baint aige le ceiliúradh reiligiúnach amháin díobh seo a leanas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Bar Mitzvah ☐ Hanukkah ☐ An Pasóvar ☐ Sukkot ☐

**10.** I dtraidisiúin reiligiúnacha glaotar……………….ar thuras chuig scrín nó áit naofa eile.

**11.** Ba é Marcas an duine deireanach de na soiscéalaithe a scríobh soiscéal. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**12.** Is sampla de shacraimint Chríostaí é an Baiste.

Ainmnigh sacraimint Chríostaí eile____________________________________________

**13.** Léigh liosta na n-ábhar reiligiúnach agus na reiligiún domhanda anseo thíos. Tá ábhar amháin meaitseáilte leis an reiligiún cuí mar shampla duit. Déan meaitseáil amháin eile.

| **Ábhair Reiligiúnacha** | **Reiligiúin** |
|---|---|
| Lampa Artí<br>Umar Baiste<br>Mezuzah<br>Mata paidreoireachta<br>Stupa | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

**Sampla:**

| | |
|---|---|
| Umar baiste | an Chríostaíocht |

**Freagra:**

| | |
|---|---|
| | |

**14.** Sampla amháin ildiachais is ea ________________________________________

**15.** Is féidir a rá gurb é atá in amharc domhanda duine ná sraith fhoshuíomh atá aige/aici faoi chomhdhéanamh bunúsach an domhain. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**16.** Sraith de ……………………………… is ea bunreacht stáit.

**17.** Is abhainn naofa í an Gainges ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**18.** Is féidir a rá go mbíonn gníomh suntasach do dhuine nuair a bhíonn brí ann agus nuair a bhíonn tábhacht ann dó/di. (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**19.** Is féidir a rá gur foinse moráltachta i saol duine é an reiligiún.

Ainmnigh foinse eile moráltachta sa saol______________________________________

**20.** Pardún, trócaire nó taise a thaispeáint: samplaí iad seo de mhaithiúnas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**ROINN 2**


(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAFANNA SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 10 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de mhórshiúl le linn Seachtain na Páise sa Spáinn.**



*The Irish Times*

**A.** Luaigh rud **amháin** ón ngrianghraf a thugann le tuiscint gur am tábhachtach í Seachtain na Páise.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Is am tábhachtach í Seachtain na Páise do cheann **amháin** de na religiúin dhomhanda seo a leanas (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐

An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis gur am tábhachtach í Seachtain na Páise sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Seo grianghraf de cheannlíne nuachtáin ag cur síos ar thionóisc bhóthair inar mharaigh tiománaí gluaisteáin duine agus thiomáin leis ón áit.**




*Evening Herald*

**A.** Luaigh slí **amháin** ina léiríonn an eachtra, ar a bhfuil cur síos sa cheannlíne, an gá atá ann d'omós.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfadh go rachadh cinneadh an tiománaí bailiú leis/léi i bhfeidhm air/uirthi féin.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfadh go rachadh cinneadh an tiománaí bailiú leis/léi i bhfeidhm ar an tsochaí.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**Ceist 3. Seo grianghraf de Chomhthionól Síochána Domhanda in Assisi.**



*Carlos Reyes*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf, a thugann le tuiscint gur sampla é seo de chomhrá idirchreidmheach.

(2 mharc)

**B.** Cad is comhrá idirchreidmheach ann?

(2 mharc)


**C.** Luaigh **dhá** shampla eile de chomhrá idirchreidmheach.

i.

ii.

(6 mharc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de dhaoine óga ag breith ar choinnle.**



*Alain Pinoges/CIRIC*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf, a thugann le tuiscint gur eispéireas machnaimh é seo do na daoine óga seo.

(2 mharc)

**B.** Cad is machnamh ann ?

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis go bhfuil sé tábhachtach do dhuine am a bheith aige/aice le haghaidh machnaimh.

i.

ii.

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN tALT SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR THÍOS.

*POBAL TAIZÉ*

Chuir an Bráthair Roger pobal Taizé ar bun. Mar fhear óg bhí sé go dona breoite. I rith na breoiteachta shochraigh sé pobal a chur ar bun, áit ina bhféadfaí an Soiscéal a mhaireachtáil go macánta, cineálta. I 1940 d'fhág an Bráthair Roger a áit dhúchais san Eilbhéis agus chuaigh se chun cónaithe in oirthear na Fraince, ag cur faoi i sráidbhaile beag ar a nglaotar Taizé. Nuair a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda dhein an Bráthair Roger áit de Taizé a chuir fáilte roimh ghrúpaí chomh hilchineálach le - teifigh ón gcogadh, díleachtaithe cogaidh Francacha agus príosúnaigh chogaidh Ghearmánacha. De réir a chéile tháinig fir óga eile isteach leis an mBráthair Roger i Taizé. Domhnach Cásca 1949, thóg na chéad bhráithre móid go mairfidís mar phobal reiligiúnach.

Inniu tá pobal de thart ar céad bráthair ann. Ní ghlacann na bráithre le bronntanais ná síntiúis dóibh féin.Tugann siad aon rud a fhaigheann siad do na bochta. Tá Taizé fós ina áit a chuireann fáilte roimh chlainn a bhíonn sractha óna dtíortha féin – muintir Vietnam, Rwanda, Bosnia ⁊rl. Freisin, tá bráithre ó Taizé tar éis dul chun cónaithe le daoine atá ag fulaingt de bharr bochtanais nó cogaidh san Áis, san Aifric agus i Meiriceá Theas.

Leis na blianta, tá uimhir na gcuairteoirí ar Taizé ag fás agus ag fás. Gach seachtain ón Earrach luath go dtí an Fómhar déanach, tagann le chéile i Taizé deich míle duine agus níos mó, a bhformhór idir aois a 17 agus 30. Tagann cuairteoirí ó thíortha éagsúla timpeall an domhain. Tá cuid díobh ó chúlraí éagsúla eaglaise agus cuid eile gan aon eaglais acu.

Cé go dtagann daoine go Taizé ar chúiseanna éagsúla, tá siad go léir ag lorg brí, nó gaol níos doimhne le Dia. Cé go bhfuil cuid acu gníomhach in eaglaisí sa bhaile, bíonn deacracht ag cuid eile acu eaglais a fháil ina gcuirtear fáilte rompu agus ina n-éistear leo. Tagann roinnt daoine toisc go mbíonn an deis acu bualadh le Críostaithe eile atá ar comhaois leo féin nó don eispéireas pobail fréamhaithe sa Soiscéal.

Is eispéireas é a fhéadann do shaol a athrú ar fad, nuair a chaitheann tú seachtain ag éisteacht le daoine ag caint faoina gcreideamh agus faoi bhrí na beatha a lorg . Cuid thábhachtach de eispéireas Taizé ná ceangail a dhéanamh idir Chríostaithe de shainchreidimh éagsúla trí ghuí agus obair le chéile. Tá fáilte curtha ag pobal Taizé roimh cheannairí eaglasta mar an Pápa, Ardeaspag Canterbury, ardcheannairí na hEaglaise Ceartchreidmhí, easpaig Liútaracha agus ministrí reiligiúnacha do-áirithe ó gach áit ar domhan.

Sa saol i Taizé bíonn áit lárnach ag paidreoireacht, obair agus flaithiúlacht. Trí huaire in aghaidh an lae buailtear na cloig agus stopann gach duine, bráithre agus cuairteoirí mar an gcéanna, cibé rud a bhíonn ar siúl acu agus téann siad go hEaglais an Athmhuintiris. San Eaglais bíonn na cuairteoirí in éineacht leis an bpobal creidimh ag adhradh. Glacann daoine páirt i gcineál meabhraithe ina mbíonn páirt mhór ag paidreoireacht trí amhráin, agus ag tost. Taitníonn leis an bpobal go nglacfadh gach aon duine páirt san amhránaíocht, cé go labhraíonn na cuairteoirí a lán teanga éagsúil. Leis an deacracht seo a shárú chum na bráithre foinn shimplí le beagán focal a fhoghlaimítear gan dua.

Gach lá, buaileann grúpaí leis na bráithre le macnamh ar an mBíobla agus é a phlé. Gach tráthnóna ar a 5.00 i.n. stopann daoine le haghaidh tae agus labhraíonn daoine ó ilchríocha éagsúla faoina dtíortha agus faoina ndóchais. Cabhraíonn na cuairteoirí freisin leis na gnóthaí praiticiúla mar chócaireacht agus ghlanadh agus roinneann siad eatarthu riachtanais an phobail uile. Gríosaíonn an pobal daoine atá ag filleadh abhaile chun an rud atá aimsithe acu a thógáil ar ais leo agus é a chur i ngníomh ina saol. Eagraítear cruinnithe réigiúnacha freisin ina dtagann daoine ó thíortha éagsúla le chéile agus beartaíonn siad conas a thacóidh siad le saol na hEaglaise acu agus conas a oibreoidh siad ar son an cheartais, na síochána agus an athmhuintiris sa bhaile.

*Foinse: Ateliers et Presses de Taizé & Gill and Macmillan*

**1.** Deir roinnt daoine gur chabhraigh Taizé leo ina gcuardach do bhrí na beatha. Ón alt seo mínigh slí amháin ina bhféadann eispéireas Taizé cabhrú le daoine agus iad ag lorg brí.

(12 mharc)

**2.** Is féidir a rá go gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl i slite éagsula. Roghnaigh **dhá** cheann díobh seo a leanas agus mínigh an chaoi a bhféadann an eispéireas i Taizé cabhrú le daoine a gcreideamh a chur in iúl sa tslí seo.

◆ Paidreoireacht ◆ Slí bheatha ◆ Adhradh

i.

ii.

(12 mharc)

**3.** Tá aghaidh tugtha ag bráithre Taizé, agus tugann siad aghaidh fós ar a lán dúshlán. Ón léamh atá déanta agat ar an alt seo luaigh dúshlán **amháin** pé acu roimhe seo nó faoi láthair, agus déan cur síos ar fhreagra phobal Taizé ina leith.

(14 mharc)

**4.** Conas a thaispeánann an t-alt seo an bhrí atá le **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

◆ Athmhuintearas ◆ Seasmhacht reiligiúnach ◆ Gairm chrábhaidh

i.

ii.

(12 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE CINN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 50 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air:

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Déan cur síos ar an obair atá á déanamh inniu, go háitiúil nó go náisiúnta, ag eaglais, eagraíocht reiligiúnach, nó ord a luaitear leis an reiligiún domhanda seo.

(14 mharc)

**B.** Rianaigh slí **amháin** ina bhfuil an obair atá luaite thuas ag cabhrú le daoine maireachtáil mar phobal.

(16 mharc)


**C.** Rianaigh slí **amháin** ina bhfuil an obair atá luaite thuas ag freagairt do scéal bunaithe an reiligiúin dhomhanda atá roghnaithe agat.

(20 marc)

**Ceist 2. ÁITEANNA AGUS DAOINE SA PHAILISTÍN LE LINN ÍOSA.**

**A.** Ainmnigh gach muir díobh seo, faoi seach, sna spásanna ar an léarscáil thíos:

- An Mhuir Mharbh
- Muir Ghaililí



(4 mharc)

**B.** a. Rianaigh páirt na bhFairisíneach i saol reiligiúnach na bPailistíneach le linn Íosa.

(12 mharc)

b. Déan cur síos ar eachtra **amháin** ó shaol Íosa nuair a bhí sé i gcoimhlint le Fairisíneach.

(10 mharc)

c. Samhlaigh gur tusa an Fairisíneach sa choimhlint seo. Rianaigh an chúis a bhí agat le cur i gcoinne Íosa.

(12 mharc)

**C.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de thréithe Ríocht Dé agus mínigh an chaoi arbh fhéidir é a fheiceáil i sampla de chompántas bhoird ó shaol Íosa:


| Áit speisialta na mbocht | Grá do chomharsa | An chaoi ar chaith sé le peacaigh agus le strainséirí |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(12 mharc)

## Ceist 3. SCÉAL CREIDIMH

**A**. a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air: An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Cuir tic ✓ le tír **amháin** ar an léarscáil thíos, mar ar thosaigh an reiligiún domhanda atá roghnaithe agat.



(4 mharc)

b. Déan cur síos gearr ar rud **amháin** faoi shaol na ndaoine sa tír atá roghnaithe agat ag an am ar thosaigh an reiligiún domhanda seo.

(10 marc)

**B**. a. Cuir tic ✓ leis an chré nó an chód morálta ón liosta thíos a luaitear leis an reiligiún domhanda atá roghnaithe agat.

Na Deich nAithne ☐ Na Cúig Philéar ☐ Dlí Karma ☐ An Cosán Ocht gConair ☐

(8 mharc)

b. Rianaigh trí riail/threoirlíne ón gcré nó ón gcód morálta a roghnaigh tú.

i.

ii.

iii.

(12 mharc)

c. Déan cur síos ar **dhá** shlí ina dtéann cré nó cód morálta an reiligiúin dhomhanda seo i bhfeidhm ar shlí mhaireachtála leanúnaí.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(16 mharc)

## CEIST 4. AN CUARDACH DO BHRÍ

***A.*** *"Agus an bhfaighidh na bláthanna nua bás? Agus an bhfaighidh na daoine óga nua bás? Agus cén fáth?"*

-- *Dán ó leanbh trí bliana d'aois* ag Breandan Kennelly (a*istrithe ón Bhéarla*)

a. Roghnaigh ceann **amháin** de na ceisteanna thuas agus mínigh an chaoi a bhfuil sé samplach de chuardach linbh ar bhrí.

(10 marc)

b. Mínigh an chaoi a n-athraíonn na ceisteanna a chuireann duine, ina c(h)uardach ar bhrí, de réir mar a fhásann sé/sí ó leanbh go duine fásta.

(12 mharc)

c. Uaireanta cuireann daoine ceisteanna in iúl faoi bhrí na beatha in ealaín, ceol, scannáin agus leabhair. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh an chaoi a gcuireann daoine ceisteanna in iúl faoi bhrí na beatha sa tslí seo.

Ealaín ☐ Ceol ☐ Scannáin ☐ Leabhair ☐

(10 marc)

**B.** a. Dearcadh domhanda nach gceadaíonn go bhféadfadh aon rud spioradálta nó dofheicthe a bheith ann is ea – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Agnóiseachas ☐ Ábharachas ☐ Aondiachas ☐ Seicteachas ☐

(6 mharc)

b. Mínigh slí **amháin** ina bhféadfadh an dearcadh seo dushlán a thabhairt do chreideamh reiligiúnach duine.

(12 mharc)

## Ceist 5. PAIDREOIREACHT

**A.** a. Roghnaigh ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus ainmnigh saghas amháin paidre a luaitear leis.

◆An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Reiligiún Domhanda: __________ Saghas paidre: __________

(6 mharc)


b. Tabhair sampla **amháin** den saghas paidre atá luaite thuas agus mínigh conas gur sampla den saghas sin paidre é.

(10 marc)

c. Mínigh slí **amháin** ina léiríonn an saghas paidre ainmnithe agat **aon** chreideamh amháin de chuid an reiligiúin dhomhanda atá roghnaithe agat thuas.

(14 mharc)

**B.** Thíos tá pictiúir de chomharthaí agus de shuímh a ghlacann daoine uaireanta ag paidreoireacht dóibh.




*Cromadh*




*Cur lámh le chéile*



*Ar ghlúine*



*Suí*



*Seasamh*

Roghnaigh **dhá** chomhartha nó shuíomh agus mínigh an rud a seasann gach ceann acu dó nuair a úsáidtear é ag paidreoireacht.

i.

ii.

(20 marc)

## Ceist 6. MORÁLTACHT AGUS REILIGIÚN

*"CUIREANN SAGART I GCOINNE DLÍ AN STÁIT FAOI DHEARADH EAGLAISÍ"*

**A.** Tagraíonn an ceannlíne thuas do thosca inar tharla coimhlint idir dlí an stáit agus dearcadh ceannaire reiligiúnaigh.

Rianaigh tosca eile ina bhféadfadh coimhlint a bheith idir dlí an stáit agus reiligiún.

(10 marc)

**B.** Mínigh an chaoi a bhféadfadh **dhá** cheann díobh seo a leanas dul i bhfeidhm ar bhreithiúnas duine, ó thaobh bheith ceart nó mícheart, sna tosca ar a bhfuil cur síos déanta agat thuas.

- Clann
- Piarghrúpa
- Dlí sibhialta
- Reiligiún

i.

ii.

(20 marc)

**C.** Mínigh an chaoi a dtabharfadh duine atá fásta go morálta breith idir ceart agus mícheart sna tosca ar a bhfuil cur síos déanta agat thuas.

(20 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH LEIS AN ROINN SEO.**

FREAGAIR CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 70 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1.**

Pléigh an éifeacht is féidir a bheith ag fís inspioráideach ar phobal creidimh.

**Ceist 2.**

Samhlaigh gur iarradh ort labhairt ag cruinniú ar an mBíobla, ag míniú na gcéimeanna a bhí i gceist i bhforbairt na Soiscéal ón traidisiún béil go dtí an focal scríofa. Rianaigh an chaint a thabharfá, ag tagairt do luach na Soiscéal i bpobal an chreidimh Chríostaí.

**Ceist 3.**

Is féidir cur síos ar thraidisiún mar chreideamh nó nós fad-bhunaithe. Déan cur síos ar thraidisiún amháin atá coitianta i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air. Mínigh an bunús agus an tábhacht atá ann do lucht leanúna an lae inniu.

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

**Ceist 4.**

"*Is beatha chuardaigh í ár mbeatha chreidimh, ach freisin beatha fhionnachtana*"

– John Powell (*aistrithe ón Bhéarla*)

Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh sé seo a bheith fíor do lucht creidimh i mbunscéal de cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a ndearna tú staidéar air.

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

**Ceist 5.**

Ainmnigh duine tábhachtach sa traidisiún spioradálta de cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus déan cur síos ar an gcaoi ar chuir sé/sí le tuiscint na paidreoireachta ina t(h)raidisiún reiligiúnach.

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

**Ceist 6.**

Roghnaigh ceann **amháin** de na hábhair seo a leanas agus rianaigh an obair atá déanta ar an ábhar ag ball nó baill d'eagraíocht reiligiúnach a ndearna tú staidéar air. I do fhreagra ba chóir duit cur síos a dhéanamh ar an bhfís reiligiúnach mhorálta a bhfuil an obair seo bunaithe uirthi.

◆ Maithiúnas ◆ Saoirse ◆ Maoirseacht

DEIMHNIGH LE DO THOIL GO LÉIRÍONN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS:

**Roinn 5.** Ceist ___

Leatanach Bán